



## Gníomhaíochtaí Daltaí: $y = a \cos bx$ (Raidiain)

Déan in éineacht leis an gcomhad  $f(x) = a \cos bx$  (Raidiain) ar CD an Dalta.

- Tarraing na barraí sleamhnáin ionas go mbeidh  $a=1$  agus  $b=1$ . Scríobh síos peiriad agus raon  $f(x) = \cos x$ 
  - Peiriad =
  - Raon =
- Tarraing **barra sleamhnán a** chun luach  $a$  a athrú. Nuair a athraíonn an athróg  $a$ , cad a tharlaíonn don fheidhm  $f(x) = a \cos bx$ ?

- Tarraing **barra sleamhnáin a** chun luach  $a$  a athrú, ach bíodh  $b = 1$  i gcónaí. Líon isteach an tábla.

a	1	2	3	4
Raon of $f(x)$				

- Tarraing **barra sleamhnáin a** chun luach  $a$  a athrú, ach bíodh  $b = 1$  fós. Líon isteach an tábla seo.

a	-1	-2	-3	-4
Raon of $f(x)$				

B'fhiú na freagraí a thug tú ar C2 a athbheithniú b'fhéidir, anois agus C3 agus C4 freagartha agat.

- Tarraing **barra sleamhnáin b** chun luach  $b$  a athrú, ach coinnigh  $a$  tairiseach. Cad a tharlaíonn don fheidhm  $f(x) = a \cos bx$  nuair a athraítear  $b$ ?

- Tarraing **barra sleamhnáin b** chun luach  $b$  a athrú, ach coinnigh  $a$  tairiseach, ag  $a = 2$ , mar shampla, agus líon isteach an tábla thíos.

b	1	2	3	4
Peiriad of $f(x)$				

- Tarraing **barra sleamhnáin b** chun luach  $b$  a athrú, ach coinnigh  $a$  tairiseach, ag  $a = 2$ , mar shampla, agus líon isteach an tábla thíos.

b	-1	-2	-3	-4
Peiriad of $f(x)$				

8. Lión isteach an tábla thíos:

Feidhm	Raon	Peiriad
$y = 3 \cos x$		
$y = \cos 4x$		
$y = 5 \cos 3x$		
$y = 2 \cos 2x$		

9. Scríobh síos raon agus peiriad na feidhme  $y = a \cos bx$  i dtéarmaí  $a$  agus  $b$ .

a. Raon =

b. Peiriad =

10. Lión isteach an colún deiridh sa tábla thíos san fhoirm  $y = a \cos bx$ , do  $a$  agus  $b$ , agus an raon agus an peiriad a chur san áireamh i ngach cás.

Raon	Peiriad	$y = a \cos bx$
$[-1, 1]$	$\pi$	
$[-3, 3]$	$\frac{2\pi}{3}$	
$[-5, 5]$	$\pi$	
$[-4, 4]$	$\frac{\pi}{4}$	

11. Ag glacadh leis gurb é  $\pi$  radiain peiriad  $f(x) = a \cos bx$ , agus gurb é  $[-2, 2]$  an raon, sceitseáil graf den fheidhm ar an bpáipéar graif thíos, don fhearann 0 go dtí  $4\pi$ .

